



An Bhruiséil, 3 Nollaig 2021
(OR. en)

14589/21

**Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0336(NLE)**

**RECH 548
RELEX 1040**

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle
Uimh. an doic. ón gCoim.:	13296/21 RECH 473 RELEX 908
Ábhar:	Dréacht-Chinneadh ón gComhairle maidir le hathnuachan an Chomhaontaithe le haghaidh comhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle - Iarraidh ón gComhairle ar an toiliú ó Pharlaimint na hEorpa

1. An 27 Deireadh Fómhair 2021, chuir an Coimisiún togra uaidh faoi bhráid na Comhairle maidir le hathnuachan an Chomhaontaithe¹ le haghaidh comhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle.
2. Tar éis fhíschomhdháil neamhfhoirmiúil chomhaltaí na Meithle um Thaighde an 15 Samhain agus tar éis comhairliúchán i scríbhinn ina dhiaidh sin, tháinig an Mheitheal um Thaighde ar chomhaontú maidir le hathnuachan an Chomhaontaithe.
3. D'fhoilligh ullmhú chun athnuachan an Chomhaontaithe seo a ghlacadh, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle, i gcuid "A" de chlár oibre cruinnithe a bheidh ann amach anseo, cinneadh a dhéanamh an dréachtchinneadh maidir le hathnuachan an Chomhaontaithe seo, mar a d'athbhreithnigh na saineolaithe dlí agus teanga é agus mar atá in 14207/21, a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa chun a toiliú a fháil.

¹ IO L295, an 6 Meitheamh 2005, lch. 37.